Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Feabhra 2024**
**(OR. en)**

**6829/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0040(NLE)**

**MAR 34**
**OMI 24**
**ENV 199**
**CLIMA 80**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Feabhra 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 74 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 81ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí agus an 108ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol), ar an gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta, ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (Solas), ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht do Longa a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF), ar an gCód Idirnáisiúnta um Chlár Feabhsaithe na nIniúchtaí le linn Suirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (Cód ESP 2011), ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (LSA), ar an gCód Idirnáisiúnta le haghaidh Chórais Sábháilteachta ó Dhóiteáin (Cód FSS) agus ar an gCód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (Cód STC). |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 74 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 74 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.2.2024
COM(2024) 74 final

2024/0040 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 81ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí agus an 108ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol), ar an gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta, ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (Solas), ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht do Longa a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF), ar an gCód Idirnáisiúnta um Chlár Feabhsaithe na nIniúchtaí le linn Suirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (Cód ESP 2011), ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (LSA), ar an gCód Idirnáisiúnta le haghaidh Chórais Sábháilteachta ó Dhóiteáin (Cód FSS) agus ar an gCód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (Cód STC).**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 81ú seisiún de Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (MEPC 81), a bhfuil sé beartaithe é a thionól ón 18 go dtí an 22 Márta 2024 agus ag an 108ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (MSC 108) a bhfuil sé beartaithe é a thionól ón 15 go dtí an 24 Bealtaine 2024.

Le linn MEPC 81, tá sé beartaithe leasuithe orthu seo a leanas a ghlacadh:

(1) airteagal V de Phrótacal I den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol);

(2) Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol, agus;

(3) an Coinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta

Le linn MSC 108, tá sé beartaithe leasuithe a ghlacadh orthu seo a leanas:

(4) caibidilí II-1, II-2 agus V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (solas), 1974;

(5) an Cód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí íseal-splancphointe eile (Cód IGF);

(6) an Cód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (2011, Cód ESP);

(7) an Cód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála;

(8) an gCód Idirnáisiúnta um Chórais le haghaidh Sábháilteacht ó Dhóiteáin (Cód FSS); agus

(9) agus cuid A-VI/1 den Chód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (STCW).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta a bhunaítear an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO). Is é is cuspóir do IMO fóram a chur ar fáil le haghaidh comhar i réimse na rialála agus na gcleachtas a bhaineann le hábhair theicniúla de gach cineál a dhéanann difear do loingeas atá ag gabháil do thrádáil idirnáisiúnta. Thairis sin, is é is aidhm dó glacadh ginearálta na gcaighdeán is airde is féidir a chur chun cinn maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, le héifeachtúlacht na loingseoireachta agus le cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, agus leis sin an cothrom iomaíochta a chur chun cinn. Pléann sé freisin leis na hábhair riaracháin agus dlí a bhaineann leis an méid sin.

Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún. Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (‘Marpol’), 1973, a tháinig i bhfeidhm an 2 Deireadh Fómhair 1983 agus tá siad ina

bpáirtithe in Iarscríbhinn VI, a tháinig i bhfeidhm an 18 Bealtaine 2005. Níl an tAontas ina pháirtí i gCoinbhinsiún Marpol.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir ('Solas'), 1974, a tháinig i bhfeidhm an 25 Bealtaine 1980. Níl an tAontas ina pháirtí in Solas.

### 2.2. An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a bhfuil freagracht uirthi as sábháilteacht agus slándáil loingis agus as truailliú muirí ó longa a chosc. Is é IMO an t-údarás domhanda ó thaobh caighdeáin a leagan síos maidir le sábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht chomhshaoil an loingis idirnáisiúnta. Is é an príomhról atá aige creat rialála cóir éifeachtach a chruthú le haghaidh an tionscail loingis, creat a ghlacfar go huilíoch agus a chuirfear chun feidhme go huilíoch.

Is féidir le gach Stát a bheith ina chomhalta de IMO agus tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de IMO. An Socrú le haghaidh Comhoibriú agus Comhar a tugadh i gcrích idir an Eagraíocht Chomhairleach Mhuirí Idirnáisiúnta (IMCO) agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach in 1974, is air an socrú sin go háirithe atá caidreamh an Aontais le IMO bunaithe.

Tá Comhaltaí uile IMO ar Choiste Muir-Shábháilteachta (MSC) IMO agus bíonn cruinniú aige uair amháin sa bhliain ar a laghad. Pléann sé le haon ábhar atá faoi raon feidhme na hEagraíochta a bhaineann le háiseanna loingseoireachta, tógáil agus trealamh soithí, saincheisteanna maidir leis an bhfoireannú a mhéid a bhaineann leis an tsábháilteacht, rialacha chun imbhuailtí a chosc, láimhseáil lastaí contúirteacha, nósanna imeachta agus ceanglais i ndáil leis an tsábháilteacht mhuirí, faisnéis hidreagrafach, logleabhair agus taifid loingseoireachta, imscrúdú ar thaismigh mhuirí, tarrthálas agus tarrtháil, agus aon ábhar eile a dhéanann difear díreach don tsábháilteacht mhuirí.

Tá comhaltaí uile IMO ar Choiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (MEPC) freisin agus bíonn cruinniú aige sin uair amháin sa bhliain ar a laghad. Tugann sé aghaidh ar shaincheisteanna comhshaoil atá faoi raon feidhme na hEagraíochta a mhéid a bhaineann le rialú agus cosc truaillithe ó longa a chumhdaítear faoi choinbhinsiún Marpol, lena n-áirítear truailliú ó ola, ó cheimiceáin a iompraítear i mbulc, ó shéarachas, ó dhramhaíl agus ó astaíochtaí ó longa isteach san aer, lena n-áirítear truailleáin aeir agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. Ar na hábhair eile a chumhdaítear tá bainistíocht uisce ballasta, córais frithsmálaithe, athchúrsáil long, ullmhacht agus freagairt i dtaca le truailliú, agus aithint limistéar speisialta agus limistéar farraige lena mbaineann íogaireacht ar leith.

Soláthraíonn Coiste Muir-Shábháilteachta IMO agus Coiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí an t-innealra chun aon dualgas a shanntar dóibh faoi Choinbhinsiún IMO, faoi Chomhthionól IMO nó faoi Chomhairle IMO a chur i gcrích, nó aon dualgas faoin raon feidhme thuasluaite a d'fhéadfaí a shannadh dóibh le haon ionstraim idirnáisiúnta eile nó faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a bhféadfadh IMO glacadh leis. Is trí thromlach na gComhaltaí a ghlactar cinntí an Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí agus an Choiste Muir-Shábháilteachta, maille le cinntí a bhfochomhlachtaí.

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí IMO

Ar an 18 go dtí an 22 Márta 2024, le linn a 81ú seisiún, tá an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí le leasuithe a ghlacadh orthu seo a leanas: airteagal V de Phrótacal I de Marpol, Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol agus an Coinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar airteagal V de Phrótacal I de Marpol athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta tuairiscithe maidir le cailliúint coimeádán chun tuairisciú dúbailte a sheachaint.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol maidir le breoslaí íseal-splancphointe agus saincheisteanna eile a bhaineann le hola bhreosla an ceanglas maidir le tástáil a réiteach agus lena n-áirítear faisnéis splancphointe maidir leis an Nóta Seachadta Buncair (BDN) maidir le breoslaí íseal-splancphointe, rud a bhí ar neamhréir leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar chaibidil II-2 Solas a glacadh ag MSC 106. Maidir leis na leasuithe ar inrochtaineacht na sonraí i mBunachar Sonraí IMO um Ídiú Breosla Long (IMO DCS), agus maidir le cuimsiú na sonraí maidir le hobair iompair agus leibhéal feabhsaithe gráinneachta in IMO DCS, is é is cuspóir leis sin an leas is fearr a bhaint as úsáid DCS chun tairbhe ceapadh beartais dícharbónaithe loingseoireachta.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar an gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta úsáid leabhar taifead leictreonach faoin gCoinbhinsiún a chur chun cinn.

### 2.4. Na gníomhartha atá beartaithe ag Coiste Muir-Shábháilteachta IMO

An 15 go dtí an 24 Bealtaine 2024, le linn a 108ú seisiún, tá an Coiste Muir-shábháilteachta le leasuithe a ghlacadh orthu seo a leanas: caibidlí II-1, II-2 agus V de Solas, Cód IGF, Cód ESP 2011, Cód LSA, Cód FSS agus roinn A-VI/1 de Chód STCW.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar chaibidlí II-1, II-2 agus V de Solas, 1974, faoi seach, tarraingt shábháilte a áirithiú do longa, feabhas a chur ar shábháilteacht ó dhóiteáin ar longa paisinéirí, lena n-áirítear longa paisinéirí róró, agus próiseáil na dtuairiscí maidir le caillteanas coimeádán a shimpliú.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar Chód IGF feabhas a chur ar shábháilteacht long, lena n-áirítear longa paisinéirí, ag gás nádúrtha mar bhreosla.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar Chód ESP 2011 na Nósanna Imeachta maidir le formheas agus deimhniú gnólachta atá ag gabháil do thomhas tiúis struchtúr cabhlach a shoiléiriú.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar Chód LSA sábháilteacht mhuirí a chur chun cinn trí athbhreithniú a dhéanamh ar luas íslithe na n-árthaí marthanais agus na mbád tarrthála do longa paisinéirí, trí fheidhmíocht oiriúnach san uisce na seaicéad tarrthála ar mhaithe le sábháilteacht maraithe a áirithiú agus trí chaighdeáin sábháilteachta na gcóras aonair eireabaill agus crúca aonair a mhéadú le crúcaí scaoilte ualaithe.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar Chód FSS feabhas a chur ar shábháilteacht ó dhóiteán ar longa paisinéirí, agus go háirithe longa paisinéirí róró.

Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar roinn A-VI/1 de Chód STCW ionad oibre sábháilte a áirithiú do na maraithe.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 81ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí

### 3.1. Leasuithe ar airteagal V de Phrótacal I den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol);

D’aontaigh MSC 103 go gcuirfeadh sé san áireamh ina chlár oibre iar-dhébhliantúil aschur maidir le ‘Bearta a fhorbairt maidir le brath agus tuairisciú éigeantach na gcoimeádán a chailltear ar muir lena bhféadfaí feabhas a chur ar shuíomh, rianú agus aisghabháil na

gcoimeádán sin', agus teastaíonn dhá sheisiún chun an mhír a chríochnú, agus an Fochoiste um Iompar Lastaí agus Coimeádán (CCC) á shannadh mar orgán comhordúcháin.

D'aontaigh CCC 8 go mbunódh sé Meitheal um Bearta a Fhorbairt maidir le Brath agus Tuairisciú Éigeantach na gCoimeádán a Chailltear ar Muir agus thug sé treoir dó, agus na barúlacha agus na cinntí a rinneadh sa chruinniú iomlánach á gcur san áireamh, dréachtleasuithe ar airteagal V de Phrótacal I de Choinbhinsiún Marpol a ullmhú, i measc nithe eile, bunaithe ar aighneacht ón Aontas (CCC 8/11/1).

I ndiaidh dó MEPC tuarascáil na Meithle a bhreithniú, ghlac CCC 8 leis na dréachtleasuithe ar airteagal V de Phrótacal I de Choinbhinsiún Marpol, d'fhonn go nglacfaí iad ag MEPC ag an am céanna.

Ba é seasamh an Aontais tacú go gníomhach leis na leasuithe sin toisc gur cuimsíodh iad in aighneacht ón Aontas (CC 8/11/1 (an Astráil et al.)).

D'fhormheas MEPC 80 na dréachtleasuithe ar airteagal V de Phrótacal I de Marpol, i ndiaidh dó a thabhairt dá aire gur fhormheas MSC 107 na dréachtleasuithe gaolmhara ar chaibidil V de Solas, d'fhonn go nglacfaí iad ag MEPC 81.

Ba é seasamh an Aontais tacú go gníomhach leis na dréachtleasuithe faoi réir fhormheas na ndréachtleasuithe gaolmhara ar chaibidil V de Solas ag MSC 107.

Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin, toisc go bhfuil sé tábhachtach go mbunófaí córas tuairiscithe aonair amháin maidir le caillteanas coimeádán, chun ceanglais maidir le cur isteach dúblach a sheachaint agus mearbhall a sheachaint, lena n-áirítear an baol nach ndéanfar coimeádáin a chailltear ar muir a thuairisciú.

### 3.2. Leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol

*Maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol a bhaineann le breoslaí íseal-splancphointe agus le saincheisteanna eile a bhaineann le hola bhreosla:*

D'iarr MEPC 79, i ndiaidh dó leasuithe a ghlacadh trí rún MEPC.362(79) ar Iarscríbhinn VI Marpol chun splancphointe a chur leis an bhfaisnéis atá le cuimsiú sa Nóta Seachadta Buncair (BDN), ar na Ballstáit leasmhara agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta tograí a chur faoi bhráid MEPC 80, agus tagairt shonrach déanta iontu do dhíolúine le haghaidh breoslaí íseal-splancphointe a bhunú i rialachán 18.4 d'iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol, chun an cheist a réiteach faoin aschur 3.7 atá ann cheana (MEPC 79/15, mír 3.37).

I ndiaidh do MEPC 80 tuarascáil na Meithle um Thruailliú Aeir agus Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur san áireamh, d'fhormheas sé na dréachtleasuithe ar rialacháin 2, 14, 18 agus ar aguisín I d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol, d'fhonn go nglacfaí iad ag MEPC 81.

Ba é seasamh an Aontais an plé ar na leasuithe a tharchur chuig an meitheal um thruailliú aeir ionas go bhféadfaí iad a mheas go mion.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin, i ndáil leis an gceanglas um thástáil a réiteach agus lena n-áirítear faisnéis splancphointe maidir le BDN maidir le breoslaí íseal-splancphointe, rud a bhí ar neamhréir leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar chaibidil II-2 Solas a glacadh ag MSC 106.

*Maidir le leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol maidir le hinrochtaineacht na sonraí i mBunachar Sonraí IMO um Ídiú Breosla Long (IMO DCS) agus maidir le cuimsiú na sonraí maidir le hobair iompair agus leibhéal feabhsaithe gráinneachta in IMO DCS:*

Ag a ochtú seisiún is seachtó, d'fhormheas MEPC sruth oibre tiomnaithe maidir le hathbhreithniú ar Chóras Bailithe Sonraí um Ídiú Ola Breosla Long IMO (DCS), ag iarraidh

ar na Ballstáit leasmhara agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta tograí nithiúla a chur isteach chuig seisiún ISWG-GHG amach anseo (doiciméad MEPC 78/17, mír 7.120).

Ina dhiaidh sin, phléigh an Mheitheal Idirsheisiúnach um GHG (ISWG-GHG) ag a 13ú seisiún togra a cuireadh isteach i ndoiciméad ISWG-GHG 13/7 (an Ostair et al.) maidir le leasú a dhéanamh ar DCS IMO, ag féachaint ar athruithe féideartha amach anseo ar mhodúl tuairiscithe IMO GISIS, lena n-áirítear paraiméadair tuairiscithe bhreise agus trédhearcacht fheabhsaithe.

Thug MEPC 79 tacaíocht leathan dá haire don togra maidir le sonraí a áireamh maidir le hobair iompair, maidir le húsáid fhéideartha teicneolaíochtaí nuálacha agus maidir le leibhéal gráinneachta na sonraí arna dtuairisciú agus, dá réir sin, gur tugadh treoir do ISWG-GHG 14 na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn IX d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol a bhreithniú a thuilleadh, agus úsáid á baint as iarscríbhinn 1 chun ISWG-GHG 13/7 a dhoiciméadú mar bhonn, agus gur iarradh ar chomhurraitheoirí doiciméad ISWG-GHG 13/7 dul i gcomhairle leis na toscaireachtaí sin a raibh imní orthu faoi oibriú ar thogra féideartha athbhreithnithe.

Thug ISWG-GHG 14 na haighneachtaí éagsúla dá aire agus d'iarr sé ar MEPC 80 an méid seo a leanas a shonrú:

1. go raibh tacaíocht leathan laistigh den Ghrúpa maidir le cuimsiú na sonraí maidir le hobair iompair agus maidir le leibhéal feabhsaithe gráinneachta na sonraí arna dtuairisciú in DCS IMO um ídiú ola breosla long,
2. gur léiríodh imní maidir le saincheisteanna éagsúla, amhail neamhaibíocht agus uainiú na leasuithe atá beartaithe, an nós sásra CII, inrochtaineacht sonraí agus trédhearcacht a dhéanamh róchasta agus nach raibh an Grúpa ábalta na ceisteanna sin a thabhairt chun críche; agus
3. na tograí a leagtar amach i ndoiciméid ISWG-GHG 14/4, ISWG-GHG 14/4/1, ISWG-GHG 14/4/2, chomh maith le tiomsú na leasuithe beartaithe a leagtar amach in iarscríbhinn 3 a ghabhann le doiciméad MEPC 80/WP.6, a chur ar aghaidh chuig an Meitheal um Thruailliú Aeir agus Éifeachtúlacht Fuinnimh a bhfuiltear ag súil go mbunófar é le linn MEPC 80 lena mbreithniú tuilleadh chun iad a thabhairt chun críche, agus barúlacha arna ndéanamh ag an seisiún seo á gcur san áireamh.

Thug an Grúpa dá aire nach ndéanfaí athbhreithniú ar an gceist sin le linn ISWG-GHG 15 agus gur cheart aon doiciméad breise ar an gceist sin a chur faoi bhráid MEPC 80.

Le linn MEPC 80, bunaíodh an Mheitheal um Thruailliú Aeir agus Éifeachtúlacht Fuinnimh chun roinnt topaicí a phlé, lena n-áirítear leasuithe beartaithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol maidir leis an athbhreithniú ar DCS um ídiú ola breosla long IMO, ag baint úsáid as iarscríbhinn 3 chun MEPC 80/WP.6 a dhoiciméadú mar bhonn, ag féachaint le dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI Marpol a thabhairt chun críche ag an seisiún sin.

D'fhormheas MEPC 80 na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol, d'fhonn go nglacfaí iad ag MEPC 81.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin, ós rud é go mbainfear an úsáid is fearr leo as DCS chun tairbhe cheapadh beartais dícharbónaithe na loingseoireachta agus go bhfuil siad ina gcomhréiteach i measc rochtain níos leithne ar shonraí DCS IMO agus rialú na sonraí sin ag Rúnaíocht IMO. Ar lámh amháin, tugtar rochtain do chomhairleachtaí anailíseacha agus d'eintitis taighde ar shonraí DCS atá faoi réir cead ó Rúnaíocht IMO agus ar an lámh eile, soláthraítear an deis d'aon chuideachta leo sonraí DCS a gcuid long a nochtadh don phobal i gcoitinne ar bhonn deonach.

### 3.3. Leasuithe ar an gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta

Le linn MEPC 80, bunaíodh an Grúpa um Athbhreithniú ar Uisce Ballasta. Tugadh treoir dó, i measc nithe eile, breithniú a dhéanamh ar an treoir atá beartaithe maidir le húsáid leabhar taifead leictreonach faoin gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta (Coinbhinsiún BWM) atá san iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad MEPC 79/4/10, agus comhairle a chur ar an gCoiste dá réir sin agus ag brath ar thoradh bhreithniú na treorach atá beartaithe maidir le húsáid leabhar taifead leictreonach faoi Choinbhinsiún BWM, na leasuithe iarmhartacha atá beartaithe ar Choinbhinsiún BWM atá i ndoiciméad MEPC 79/4/9 a bhreithniú, agus comhairle a chur ar an gCoiste dá réir sin.

Thug an mheitheal an dréacht-Treoir maidir le húsáid leabhar taifead leictreonach faoi Choinbhinsiún BWM chun críche agus d'iarr sí ar MEPC 80 an dréacht-rún MEPC maidir le Treoir maidir le húsáid leabhar taifead leictreonach faoi Choinbhinsiún BWM a ghlacadh. I gcomhar leis an dréacht-treoir a thabhairt chun críche, thug an Grúpa aghaidh freisin ar roinnt saincheisteanna maidir leis na leasuithe iarmhartacha atá beartaithe ar rialacháin A-1 agus B-2 den Choinbhinsiún, i ndáil le leabhair taifead leictreonacha atá ann cheana a d'fhéadfadh sé nach bhfuil siad ag teacht leis an treoir ná le fíorú na n-iontrálacha ag an máistir.

Ina dhiaidh sin, bhreithnigh agus d'fhormheas MEPC 80 dréachtleasuithe ar rialacháin A-1 agus B-2 de Choinbhinsiún BWM maidir le húsáid leabhar taifead leictreonach faoin gCoinbhinsiún, chun go nglacfaí iad ag MEPC 81.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin, agus iad ag dul céim amháin níos gaire don digitiú trí leabhair taifead leictreonacha a choinneáil faoi Choinbhinsiún BMW.

## 4. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS SA 108Ú SEISIÚN DEN CHOISTE MUIR-SHÁBHÁILTEACHTA

### 4.1. Leasuithe ar chaibidlí II-1, II-2 agus V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (Solas), 1974

*Maidir le leasuithe ar chaibidil II-1 de Solas, 1974:*

Chomhaontaigh MSC 103 aschur nua a chur ar iontaoibh an Fhochoiste um Dhearadh agus um Thógáil Long (SDC) maidir le 'Leasuithe ar rialachán Solas II-1/3-4 a fhorbairt chun ceanglais maidir le trealamh tarraingthe éigeandála do thancaeir a chur i bhfeidhm ar chineálacha eile long', agus spriocbhliain chríochnaithe 2023 ag gabháil leo.

Ag SDC 8, chuir an tAontas, in éineacht leis an Astráil, Ceanada, Maracó, an Nua-Shéalainn agus Vanuatú, an doiciméad SDC 8/12/1 isteach chun tacú leis an mír sin den chlár oibre lena mbeartaítear raon feidhme Rialachán Solas II-1/3-4, mír 1 (nach bhfuil infheidhme faoi láthair ach amháin maidir le tancaeir nach lú ná 20,000 tona meálasta) a leathnú chuig gach long nua seachas tancaeir de 20,000 olltonnáiste agus os a chionn sin. Ar an lámh eile, mhol an tSín (SDC 8/12) leasú ar rialachán Solas II-1/3-4 is infheidhme maidir le longa, seachas tancaeir, ar mó iad ná 150,000 olltonnáiste.

Thug an Cathaoirleach le fios go raibh an dá aighneacht faoin mír sin den Chlár Oibre rófhada óna chéile. Dá bhrí sin, i bhfianaise easpa ama, is é an bealach is fearr chun cinn an plé ar SDC 9 a chur siar.

Bhunaigh SDC 9 an Grúpa Saineolaithe maidir le Trealamh Tarraingthe Éigeandála do Thancaeir a Chur i bhFeidhm ar Chineálacha Eile Long agus thug sé treoir dó, agus na barúlacha agus na cinntí a rinneadh sa chruinniú iomlánach á gcur san áireamh, na dréachtleasuithe ar rialachán Solas II-1/3-4 a thabhairt chun críche, bunaithe ar dhoiciméad SDC 8/12/1. I ndiaidh plé agus ós rud é go raibh tromlach mór i bhfabhar an togra i

ndoiciméad SDC 8/12/1, ghlac an Fochoiste le luach tairsí 20,000 GT agus os a chionn sin le haghaidh longa nua a dteastaíonn socruithe tarraingthe éigeandála ina leith. D'iarr an Fochoiste ar MSC 107 na dréachtleasuithe ar rialachán Solas II-1/3-4 a fhormheas chun go nglacfaí iad ina dhiaidh sin (SDC 9/16, iarscríbhinn 9).

Ba é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe a mhol an tAontas i Rialachán Solas II-1/3-4 chun raon feidhme Rialachán Solas II-1/3-4, mír 1 (nach bhfuil infheidhme faoi láthair ach amháin maidir le tancaeir nach lú ná 20,000 tona meálasta) a leathnú chuig gach long nua seachas tancaeir de 20,000 olltonnáiste agus os a chionn sin.

D'fhormheas MSC 107 dréachtleasuithe ar rialachán Solas II-1/3-4 i ndáil le ceanglais nua go bhfeisteofar i ngach long nua seachas tancaeir nach lú ná 20,000 GT socruithe tarraingthe éigeandála, chun go nglacfaí iad ag MSC 108.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin chun méadú suntasach a dhéanamh ar an tsábháilteacht agus lena áirithiú gur féidir gach long nua seachas tancaeir, go háirithe longa paisinéirí, de 20,000 olltonnáiste agus os a chionn sin, a tharraingt go sábháilte i gcás éigeandála.

*Maidir le leasuithe ar chaibidil II-2 de Solas, 1974 maidir le sábháilteacht ó dhóiteán, go háirithe ar longa paisinéirí, agus go sonrach:*

*Dóiteán agus pléascadh a chosc - Rialachán 4:*

Ghlac MSC 105, agus MSC 106, dréachtleasuithe ar chaibidil II-2 Solas i ndáil le soláthróirí ola breosla nár chomhlíon na ceanglais maidir leis an splancphointe, gníomhaíochtaí i gcoinne soláthróirí ola breosla a bhfuarthas amach ina leith go raibh ola bhreosla á seachadadh acu nach gcomhlíonann na híoscheanglais maidir leis an splancphointe agus doiciméadacht maidir le splancphointe na baisce breosla iarbhír le linn buncaeireachta.

D'fhormheas MSC 105 an plean gníomhaíochta nuashonraithe agus bunú Grúpa Comhfhreagrais um bearta breise a fhorbairt chun feabhas a chur ar shábháilteacht long a mhéid a bhaineann le húsáid ola breosla, chun tuairisciú do MSC 107, chun leanúint le dréacht-treoirlínte a fhorbairt do longa chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil torthaí tástála táscacha acu lena dtugtar le tuiscint go bhféadfadh sé nach gcomhlíonann an breosla ola atá á sholáthar na ceanglais maidir leis an splancphointe.

D'aontaigh an Grúpa Comhfhreagrais go leanfadh siad le forbairt a dhéanamh ar cheanglas ginearálta Solas nár cheart go gcuirfeadh breosla ola sábháilteacht na loinge i mbaol, cosúil le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol, rialachán 18.3.1.1.3, bunaithe ar iarscríbhinn 3 in MSC 107/6. Phléigh an Grúpa freisin na hábhair imní a léiríodh sa chruinniú iomlánach maidir leis an tagairt 'díobhálach don phearsanra'. I ndiaidh don ghrúpa a thabhairt faoi deara gur úsáideadh an téarma 'díobhálach don phearsanra' in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol, d'aontaigh an Grúpa an téarma céanna a úsáid sna dréachtleasuithe ar Solas. Ar deireadh, ghlac an Grúpa le dréacht-rialachán nua Solas II-2/4.2.1.9, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 3 a ghabhann le MSC 107/WP.10, lena fhormheas ag an gCoiste agus lena ghlacadh ina dhiaidh sin.

D'fhormheas MSC 107 dréachtleasuithe ar rialachán Solas II-2/4 a bhaineann le paraiméadair breosla ola seachas splancphointe, chun go nglacfaí iad ag MSC 108.

Ba é seasamh an Aontais in MSC 107 leanúint leis an obair a phlé i meitheal, ós rud é nár thug an grúpa comhfhreagraise an obair sin chun críche.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin toisc go bhfeabhsófar leo sábháilteacht na húsáide as breosla ola, go háirithe ar longa paisinéirí.

*Dóiteán a Chosc agus Riachtanais speisialta - Rialacháin 7, 9, 20 agus 23:*

Ghlac MSC 97 leis an aschur nua atá beartaithe ag an Aontas maidir le dóiteáin ar dheiceanna róró de longa paisinéirí bunaithe ar staidéar ar thimpistí a tharlaíonn ar longa paisinéirí róró, agus shainaithin sé 14 réimse d'idirghabhálacha féideartha chun na hionstraimí a fheabhsú agus a leasú.

Sa 6ú seisiún den Fhochoiste um Chórais agus Trealamh Long (FMS), éiríodh leis na dréacht-treoirlínte eatramhacha a thabhairt chun críche inar cuimsíodh roinnt tograí a bhí mar thoradh díreach ar an dá staidéar Firesafe. Ina theannta sin, rinne SSE 6 dul chun cinn maith maidir le dréachtleasuithe a fhorbairt ar na treoirlínte athbhreithnithe chun córais agus fearais cosanta dóiteáin a chothabháil agus a iniúchadh (MSC.1/Ciorc.1432).

Rinne SSE 8 tuilleadh forbartha ar na dréachtleasuithe ar chaibidil II-2 Solas agus ar Chód FSS le haghaidh longa paisinéirí róró nua agus longa paisinéirí atá ann cheana agus d'athbhunaigh sé an Grúpa Comhfhreagrais um Chosaint Dóiteáin chun an obair a chur chun cinn tuilleadh go hidirsheisiúnach, leis na téarmaí tagartha a leagtar amach i mír 6.26 de dhoiciméad SSE 8/20, agus thug sé treoir don Ghrúpa tuarascáil a chur isteach chuig an seisiún sin.

Ghlac SSE 9 leis na dréachtleasuithe ar chaibidil II-2 de Solas maidir le sábháilteacht ó dhóiteán ar longa paisinéirí róró, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 5 a ghabhann le SSE 9/20, chun go bhformheasadh MSC 107 iad agus go nglacfadh MSC 108 ina dhiaidh sin iad.

Thug SSE 9 faoi deara freisin gur bhreithnigh an Grúpa brath dóiteáin laistigh de stáisiúin rialaithe agus spásanna cianseirbhíse ar longa lasta agus gur aontaigh sé gur cheart an téarma 'gach stáisiún rialaithe agus gach seomra rialaithe lasta' a chur in ionad an téarma 'stáisiún rialaithe lárnach le foireann leanúnach', mar a moladh i dtuarascáil an Ghrúpa Comhfhreagrais (SSE 9/6). Ina dhiaidh sin, d'aontaigh an Fochoiste leis na dréachtleasuithe ar rialachán Solas II-2/7.5.5, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 5 a ghabhann le SSE 9/20, chun go bhformheasadh MSC 107 iad agus go nglacfadh MSC 108 iad.

Ba é seasamh an Aontais in SSE 9 tacú go ginearálta le tuarascáil an Ghrúpa Comhfhreagrais um Chosaint Dóiteáin (SSE 9/6) agus a mholadh go ndéanfaí an doiciméad sin chomh maith le doiciméad SSE 9/6/1 (an tSeapáin) a tharchur chuig an meitheal um chosaint dóiteáin le haghaidh tuilleadh plé mionsonraithe d'fhonn na leasuithe ar Chaibidil II-2 Solas agus ar Chód FSS a thabhairt chun críche ag an seisiún sin.

D'fhormheas MSC 107 dréachtleasuithe ar chaibidil II-2 Solas maidir le sábháilteacht ó dhóiteán ar longa paisinéirí róró, mar a leagtar amach i mír 14.16.2 de thuarascáil MSC 107 (MSC 107/20) agus in iarscríbhinn 33 a ghabhann le MSC 107/20/Add. 1, d'fhonn go nglacfaí iad ag MSC 108.

Ba é seasamh an Aontais in MSC 107 tacú leis an dréachtleasú ar chaibidil II-2 de Solas ach na modhnuithe a mhol an tSeapáin a chur san áireamh (MSC 107/14/4).

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin toisc go mbeidh tairbhí suntasacha ag baint leo do shábháilteacht anama ar muir trí fheabhas a chur ar chaighdeáin sábháilteachta ó dhóiteán ar longa paisinéirí, agus go háirithe longa paisinéirí róró.

*Maidir le leasuithe ar chaibidil V de Solas, 1974 maidir le sábháilteacht loingseoireachta - Rialacháin 31 agus 32:*

D'aontaigh MSC 103 go gcuirfeadh sé san áireamh ina chlár oibre iar-dhébhliantúil aschur maidir le 'Bearta a fhorbairt maidir le brath agus tuairisciú éigeantach na gcoimeádán a chailltear ar muir lena bhféadfaí feabhas a chur ar shuíomh, rianú agus aisghabháil na

gcoimeádán sin', agus teastaíonn dhá sheisiún chun an mhír a chríochnú, agus an Fochoiste um Iompar Lastaí agus Coimeádán (CCC) á shannadh mar orgán comhordúcháin.

D'aontaigh CCC 8 go mbunódh sé Meitheal um Bearta a Fhorbairt maidir le Brath agus Tuairisciú Éigeantach na gCoimeádán a Chailltear ar Muir agus thug sé treoir dó, agus na barúlacha agus na cinntí a rinneadh sa chruinniú iomlánach á gcur san áireamh, dréachtleasuithe ar chaibidil V de Solas a ullmhú, i measc nithe eile, bunaithe ar aighneacht ón Aontas (CCC 8/11/1).

Thug CCC 8 na dréachtleasuithe ar chaibidil V de Solas, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 7 a ghabhann le CCC 8/18, chun críche agus glac sé leo, lena gcur isteach chuig MSC 107 lena bhformheas agus lena nglacadh ina dhiaidh sin. D'fhormhuinigh an Fochoiste freisin tuairimí na Meithle gur cheart go dtiocfadh na dréachtleasuithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2026, ar choinníoll gur glacadh na leasuithe roimh an 1 Iúil 2024 i gcomhréir leis an timthriall leasuithe meántéarma ad hoc a chomhaontaigh MSC 104 (CCC 8/WP.5, mír 18).

Ba é seasamh an Aontais in CCC 8 tacú go gníomhach leis an togra in CCC 8/11/1 (an Astráil et al.) agus a mholadh go ndéanfaí é, mar aon le doiciméad CCC 8/INF.7 (an Ísiltír) agus doiciméad CCC 8/INF.9 (an Fhrainc), a tharchur chun plé teicniúil a dhéanamh orthu sa mheitheal maidir le bearta a fhorbairt maidir le brath agus tuairisciú éigeantach na gcoimeádán a chailltear ar muir.

D'fhormheas MSC 107 na dréachtleasuithe ar chaibidil V de Solas maidir le caillteanas coimeádán a thuairisciú, chun go nglacfaí iad ag MSC 108.

Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go simpleofar leo próiseáil na dtuarascálacha maidir le caillteanas coimeádán chun oibleagáidí rialála a chomhlíonadh, foráil a dhéanamh maidir le ceanglas tuairiscithe ón mBratstát chuig IMO, sábháilteacht loingseoireachta a mhéadú agus truailliú a chosc.

### 4.2. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF)

D'aontaigh CCC 8 go mbunódh sé an Mheitheal um Leasuithe ar Chód IGF agus Athbhreithniú ar an gCód Idirnáisiúnta um Thógáil agus Trealamh Long a Iompraíonn Gáis Leachtaithe i mBulc (Cód IGC) agus thug sé treoir dó, agus na barúlacha agus na cinntí a rinneadh sa chruinniú iomlánach á gcur san áireamh, roinnt dréachtleasuithe ar Chód IGF a thabhairt chun críche.

Tháinig CCC 8 ar chomhaontú maidir leis na dréachtleasuithe ar Chód IGF, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 3 a ghabhann le CCC 8/18, lena gcur isteach chuig MSC 107 lena bhformheas agus lena nglacadh ina dhiaidh sin. Sa chomhthéacs sin, d'fhormhuinigh an Fochoiste moladh na Meithle go n-eiseofaí imlitir MSC maidir le cur chun feidhme luath na ndréachtleasuithe ar mhíreanna 4.2.2 agus 8.4.1 go 8.4.3 de Chód IGF, faoi réir a nglactha ag MSC 108 (CCC 8/WP.4, mír 14).

Ba é seasamh an Aontais in CCC 8 tacú le meitheal a bhunú chun na leasuithe ar Chód IGF arna leagan amach i dtuarascáil an Ghrúpa Comhfhreagrais (CCC 8/3) a thabhairt chun críche, agus chun breithniú a dhéanamh ar dhoiciméad CCC 8/3/1-3 (IACS) agus ar dhoiciméad CCC 8/3/4 (Poblacht na Cóiré), agus meitheal a bhunú maidir le forálacha sábháilteachta a fhorbairt le haghaidh breoslaí malartacha nua, go háirithe chun na dréacht-treoirlínte eatramhacha le haghaidh longa a úsáideann breoslaí GPL a thabhairt chun críche agus chun na dréacht-treoirlínte eatramhacha le haghaidh longa a úsáideann hidrigin mar bhreosla a fhorbairt tuilleadh.

D'fhormheas MSC 107 dréachtleasuithe ar Chód IGF, chun go nglacfaí iad ag MSC 108, mar aon le himlitir MSC maidir le cur chun feidhme luath na ndréachtleasuithe ar mhíreanna 4.2.2 agus 8.4.1 go 8.4.3 de Chód IGF.

Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go gcuirfear feabhas leo ar shábháilteacht long, lena n-áirítear longa paisinéirí, ag baint úsáid as gás nádúrtha mar bhreosla.

### 4.3. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola 2011 (2011 Cód ESP)

Bhí leasuithe glactha ag MSC 106 ar chodanna A agus B d'Iarscríbhinní A agus B a ghabhann le Cód ESP 2011, arna n-ullmhú ag SDC 8 i gcomhréir leis an nós imeachta chun nuashonruithe rialta a dhéanamh ar an gCód arna chomhaontú ag MSC 92, lena ndíolmhaítear nuashonruithe rialta ar Chód ESP 2011 ón timthriall ceithre bliana maidir le teacht i bhfeidhm leasuithe Solas (MSC 92/26, mír 13.31). Ba cheart a mheas gur glacadh leis na leasuithe an 1 Eanáir 2024, agus gur tháinig siad i bhfeidhm an 1 Iúil 2024.

Bhreithnigh SDC 9 doiciméad SDC 9/6 (an tSín), lena moltar na Nósanna Imeachta maidir le formheas agus deimhniú gnólachta atá ag gabháil do thomhas tiúis struchtúr cabhlach a mhodhnú, ionas go bhféadfaidh Riaracháin an ceart a fheidhmiú chun iniúchadh a dhéanamh ar thomhas tiúis gnólachta ar struchtúir cabhlach. I ndiaidh a bhreithnithe, d'aontaigh an Fochoiste dréachtrún MSC maidir le Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí le linn Suirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (2011 Cód ESP), mar a leagtar amach in iarscríbhinn 3 a ghabhann le SDC 9/16, lena chur isteach chuig MSC 107 lena bhformheas agus lena ghlacadh ina dhiaidh sin.

Ba é seasamh an Aontais maidir le SDC 9 tacú leis an togra.

D'fhormheas MSC 107 dréachtleasuithe ar Chód ESP 2011, chun go nglacfaí iad ag MSC 108.

Ba é seasamh an Aontais in MSC 107 tacú leis an togra.

Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe sin toisc go soiléireofar leo Nósanna Imeachta maidir le formheas agus deimhniú gnólachta atá ag gabháil do thomhas tiúis struchtúr cabhlach sna iarscríbhinní a ghabhann le leasuithe 2019 ar Chód ESP 2011 , ag tagairt don Riarachán seachas tagairt a dhéanamh d'eagraíocht atá aitheanta ag an Riarachán.

### 4.4. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (LSA)

*Maidir leis na leasuithe ar íosluas agus ar uasluas íslithe árthaí marthanais agus bád tarrthála (míreanna 6.1.2.8 agus 6.1.2.10 de Chód LSA):*

Bhreithnigh MSC 99 doiciméad MSC 99/20/2 (an tSeapáin) agus d'aontaigh sé go gcuirfeadh sé san áireamh ina chlár oibre iar-dhébhliantúil aschur maidir le 'Leasuithe ar Chód LSA a fhorbairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar luas íslithe na n-árthaí marthanais agus na mbád tarrthála do longa lasta', agus teastaíonn dhá sheisiún chun an mhír a chríochnú, agus an Fochoiste FMS á shannadh mar orgán comhordúcháin (MSC 99/22, míreanna 20.14 go 20.18). Chomh maith leis sin, chomhaontaigh an Coiste gur cheart go mbeadh feidhm ag na leasuithe atá le forbairt maidir leis na longa lasta go léir a raibh feidhm ag Solas caibidil III maidir leo agus maidir leis na fearais lainseála go léir a úsáideann eireabaill agus castainní; agus ba é Cód LSA, mír 6.1.2.8, an ionstraim a bhí le leasú.

I ndiaidh dó a mheabhrú go raibh an t-aschur teoranta do leasuithe ar longa lasta amháin, thug SSE 9 dá haire nach mbeadh aon éifeacht ag na dréachtcheanglais athbhreithnithe maidir le híosluas íslithe na n-árthaí marthanais agus na mbád tarrthála ar longa paisinéirí, a raibh

teorainn airde  croiche ag baint leo cheana féin de réir Rialachán Solas III/24. Dá bhrí sin, d'iarr an Fochoiste ar MSC 107 cur i bhfeidhm na ndréachtleasuithe thuasluaite ar chaibidil VI de Chód LSA a leathnú le haghaidh míreanna athbhreithnithe 6.1.2.8 agus 6.1.2.10 maidir le longa paisinéirí, ionas go mbeadh feidhm ag an uasluas íslithe maidir leo freisin, ag tabhairt dá aire gur ullmhaigh an Mheitheal na dréachtleasuithe chun go mbeadh feidhm aige maidir le longa lasta agus paisinéirí araon.

Ina dhiaidh sin, ghlac an Fochoiste le dréachtrún MSC maidir le leasuithe ar Chód LSA le haghaidh íosluas agus uasluas íslithe árthaí marthanais agus bád tarrthála, agus bileog seiceála/faireacháin agus formáid an taifid, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 4 a ghabhann le SSE 9/20, chun go bhformheasadh MSC 107 iad agus go nglacfadh MSC 108 ina dhiaidh sin iad.

D'aontaigh MSC 107 na dréachtleasuithe ar mhír 6.1.2.10 de Chód LSA a mhodhnú mar a mholtar i ndoiciméad MSC 107/14/5 agus d'fhormheas sé na dréachtleasuithe ar Chód LSA (míreanna 6.1.2.8 agus 6.1.2.10), chun go nglacfaí iad ag MSC 108.

Ba é seasamh an Aontais in MSC 107 tacú leis an gcinneadh sin toisc go bhfeabhsófar leis an tsábháilteacht ar longa paisinéirí.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe toisc go gcuirtear sábháilteacht mhuirí chun cinn leo trí athbhreithniú a dhéanamh ar luas íslithe na n-árthaí marthanais agus na mbád tarrthála le haghaidh longa paisinéirí.

*Maidir leis na leasuithe ar fheidhmíocht seaicéad tarrthála san uisce (mír 2.2.1.6.2 de Chód LSA):*

Chuir MSC 101 san áireamh i gclár oibre iar-dhébhliantúil an Choiste aschur maidir le 'Leasuithe ar Chód LSA a fhorbairt agus réiteach a fhorbairt MSC.81(70) chun aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht san uisce sheaicéid tarrthála Solas', arb é is aidhm dó feidhmíocht san uisce na seaicéad tarrthála a fheabhsú chun an baol go dtiocfadh maraithe chun bheith tumtha san uisce a mhaolú, agus teastaíonn dhá sheisiún chun an mhír a chríochnú, agus an Fochoiste á shannadh mar orgán comhordúcháin.

Ghlac SSE 9 leis na dréachtleasuithe ar chaibidil II de LSA, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 4 a ghabhann le SSE 9/20, chun go bhformheasadh MSC 107 iad agus go nglacfadh MSC 108 ina dhiaidh sin iad.

Ba é seasamh an Aontais in SSE 9 tacú le go ndéanfar na codanna ábhartha de SSE 9/3 (iarscríbhinní 2 agus 3 a ghabhann le tuarascáil an Ghrúpa Comhfhreagrais LSA) chomh maith le doiciméid a cuireadh isteach faoin mír sin den chlár oibre a tharchur chuig meitheal LSA le haghaidh anailís mhionsonraithe chun go dtabharfar chun críche ag an seisiún sin iad.

D'fhormheas MSC 107 dréachtleasuithe ar chaibidil II de Chód LSA maidir le feidhmíocht san uisce na seaicéad tarrthála, chun go nglacfaí iad ag MSC 108.

Ba é seasamh an Aontais tacú le go ndéanfar na codanna ábhartha de SSE 9/3 (iarscríbhinní 2 agus 3 a ghabhann le tuarascáil an Ghrúpa Comhfhreagrais LSA) chomh maith le doiciméid a cuireadh isteach faoin mír sin den chlár oibre a tharchur chuig meitheal LSA le haghaidh anailís mhionsonraithe chun go dtabharfar chun críche ag an seisiún sin iad.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe toisc go gcuirtear sábháilteacht mhuirí chun cinn leo trí fheidhmíocht oiriúnach san uisce a áirithiú maidir le seaicéid tarrthála ar mhaithe le sábháilteacht maraithe.

*Maidir leis na leasuithe ar chórais eireabaill agus crúca aonair i bhfeistis bád tarrthála (míreanna 4.4.7.6.8 agus 4.4.7.6.17 i gCód LSA)*

Bhreithnigh MSC 99 doiciméad MSC 99/20/2 (an tSeapáin) agus d'aontaigh sé go gcuirfeadh sé san áireamh ina chlár oibre iar-dhébhliantúil aschur maidir le 'Leasuithe ar Chód LSA a fhorbairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar luas íslithe na n-árthaí marthanais agus na mbád tarrthála do longa lasta', agus teastaíonn dhá sheisiún chun an mhír a chríochnú, agus an Fochoiste FMS á shannadh mar orgán comhordúcháin (MSC 99/22, míreanna 20.14 go 20.18).

Bhreithnigh SSE 7 dréachtleasuithe ar mhír 4.4.7.6.17 de Chód LSA maidir le córais aonair eireabaill agus crúca a bhfuil cumas scaoilte ualaithe acu agus ghlac sé leis na dréachtleasuithe, i bprionsabal (SSE 7/WP.3, iarscríbhinn 5).

Bhreithnigh MSC 106 doiciméad MSC 106/11/1 (Na Bahámaí et al.), lena sainaithnítear iarmhairt gan choinne ar scriosadh beartaithe mhír 4.4.7.6.8 a bhaineann le crúcaí scaoilte dí-ualaithe, agus d'aontaigh sé go raibh gá le tuilleadh plé le SSE 9. Chomh maith leis sin, d'athshainigh an Coiste raon feidhme an aschuir chun fomhíreanna eile de mhír 4.4.7.6 de Chód LSA a áireamh ann chun an tsoiléireacht is gá chun na ceanglais a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach a sholáthar agus é a athainmniú mar 'Leasuithe ar Chód LSA maidir le córais aonair eireabaill agus crúca a bhfuil cumas scaoilte ualaithe acu'.

Ghlac SSE 9 le dréachtleasuithe ar mhíreanna 4.4.7.6.8 agus 4.4.7.6.17 (a comhaontaíodh cheana le SSE 7) de chaibidil IV de Chód LSA maidir le córais aonair eireabaill agus crúca, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 4 a ghabhann le SSE 9/20, chun go bhformheasadh MSC 107 iad agus go nglacfadh MSC 108 ina dhiaidh sin iad. I ndáil leis sin, d'aontaigh an Fochoiste gur cheart a mheas go gcomhlíonann crúcaí soladacha ar a bhfuil garda sprionguälaithe ar bhéal an chrúca ceanglais mhír 4.4.7.6.8 de Chód LSA, arna mhodhnú, i gcás ina n-athshocraítear é go huathoibríoch.

Ba é seasamh an Aontais in SSE 9 na doiciméid ábhartha sa mheitheal a phlé tuilleadh.

D'fhormheas MSC 107 dréachtleasuithe ar mhíreanna 4.4.7.6.8 agus 4.4.7.6.17 de Chód LSA maidir le córais aonair eireabaill agus crúca, chun go nglacfaí iad ag MSC 108.

Ba é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe ar Chód LSA toisc go gcuirtear sábháilteacht mhuirí chun cinn leo trí chaighdeáin sábháilteachta na gcóras aonair eireabaill agus crúca a mhéadú le crúcaí scaoilte ualaithe trí na díolúintí dá bhforáiltear i mír 4.4.7.6.17 a bhaint.

**4.5. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Chórais le haghaidh Sábháilteacht ó Dhóiteáin (Cód FSS)**

Ghlac MSC 97 leis an aschur nua atá beartaithe ag an Aontas maidir le dóiteáin ar dheiceanna róró de longa paisinéirí bunaithe ar staidéar ar thimpistí a tharlaíonn ar longa paisinéirí róró, agus shainaithin sé 14 réimse d'idirghabhálacha féideartha chun na hionstraimí a fheabhsú agus a leasú.

D'éirigh le SSE 6 na dréacht-treoirlínte eatramhacha a thabhairt chun críche inar cuimsíodh roinnt tograí a bhí mar thoradh díreach ar an dá staidéar Firesafe. Ina theannta sin, rinne SSE 6 dul chun cinn maith maidir le dréachtleasuithe a fhorbairt ar na treoirlínte athbhreithnithe chun córais agus fearais cosanta dóiteáin a chothabháil agus a iniúchadh (MSC.1/Ciorc.1432). Faoi dheireadh, d'fhormheas MSC 101 na treoirlínte eatramhacha.

D'fhormheas SSE 7, i bprionsabal, na dréachtleasuithe ar Chód FSS, caibidlí 7 agus 9, ag cur san áireamh go ndéanfadh an grúpa comhfhreagrais tuilleadh machnaimh ar cheist na gceanglas breise maidir le córas braite téimh línigh i gCód FSS.

Rinne SSE 8 tuilleadh forbartha ar na dréachtleasuithe ar chaibidil II-2 Solas agus ar Chód FSS le haghaidh longa paisinéirí róró nua agus longa paisinéirí atá ann cheana agus d'athbhunaigh sé an Grúpa Comhfhreagrais um Chosaint Dóiteáin chun an obair a chur chun cinn tuilleadh go hidirsheisiúnach, leis na téarmaí tagartha a leagtar amach i mír 6.26 de dhoiciméad SSE 8/20, agus thug sé treoir don Ghrúpa tuarascáil a chur isteach chuig an seisiún sin.

Ghlac SSE 9 le dréachtleasuithe ar Chód FSS, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 6 a ghabhann le SSE 9/20, chun go bhformheasadh MSC 107 iad agus go nglacfadh MSC 108 ina dhiaidh sin iad, mar aon le glacadh na ndréachtleasuithe gaolmhara ar Solas.

Ba é seasamh an Aontais in SSE 9 tacú go ginearálta le tuarascáil an Ghrúpa Comhfhreagrais um Chosaint Dóiteáin (SSE 9/6) agus a mholadh go ndéanfaí an doiciméad sin chomh maith le doiciméad SSE 9/6/1 (an tSeapáin) a tharchur chuig an meitheal um chosaint dóiteáin le haghaidh tuilleadh plé mionsonraithe d'fhonn na leasuithe ar Chaibidil II-2 Solas agus ar Chód FSS a thabhairt chun críche ag an seisiún sin.

D'fhormheas MSC 107 dréachtleasuithe ar Chód FSS maidir le sábháilteacht ó dhóiteán ar longa paisinéirí róró, chun go nglacfadh MSC 108 iad mar aon leis na dréachtleasuithe gaolmhara ar Solas.

Ba é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin toisc go mbeidh tairbhí suntasacha ag baint leo do shábháilteacht anama ar muir trí fheabhas ar shábháilteachta ó dhóiteán ar longa paisinéirí, agus go háirithe longa paisinéirí róró.

### 4.6. Leasuithe ar an gCód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (STCW)

Dheimhnigh MSC 105 gur cheart do Mheitheal Chomhpháirteach Thrípháirteach ILO/IMO (JTWG) breithniú a dhéanamh ar fhorbairt forálacha oiliúna lena dtugtar aghaidh ar bhulaíocht agus ar chiapadh san earnáil mhuirí, lena n-áirítear Ionsaí Gnéasach agus Ciapadh Gnéasach (SASH), laistigh dá théarmaí tagartha nua (MSC 105/20, mír 16.14.1) agus thug sé treoir don Fhochoiste maidir le Gné an Duine, Oiliúint agus Faire (HTWG), mar ábhar tosaíochta, forálacha oiliúna STCW lena dtugtar aghaidh ar bhulaíocht agus ar chiapadh san earnáil mhuirí a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear SASH, mar chuid den aschur nua ar 'Athbhreithniú cuimsitheach ar Choinbhinsiún agus ar Chód STCW 1978', agus an obair atá le déanamh i gcomhar le JTWG á cur san áireamh.

Ghlac HTW 9 leis na dréachtleasuithe ar thábla A-VI/1-4 de Chód STCW maidir le bulaíocht agus ciapadh a chosc agus chun freagairt dóibh, lena n-áirítear SASH, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 7 a ghabhann le HTW 9/15, lena bhformheas ag MSC 107 chun go nglacfadh MSC 108 iad. D'aontaigh an Fochoiste freisin gur cheart do JTWG na dréachtleasuithe a bhreithniú agus iad a tharchur ar ais chuig HTW 10 chun breithniú deiridh a dhéanamh orthu, sula nglacfaidh an Coiste iad.

Ba é seasamh an Aontais in HTW 9 tacú le doiciméad HTW 9/7/1 (na Stáit Aontaithe) agus doiciméad HTW 9/7/8 (na Bahámaí et al.) go bunúsach, agus HTW 9/7/5 (Poblacht na Cóiré) á chur san áireamh agus an tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar cheist an chiaptha agus na sábháilteachta síceolaíche a dhearbhú, agus á léiriú i gcomhréir le MSC 105 gur cheart na trí dhoiciméad a phlé mar ábhar tosaíochta sa mheitheal sula ndéanfar an t-athbhreithniú ginearálta a bhreithniú.

D'fhormheas MSC 107 dréachtleasuithe ar thábla A-VI/1-4 de Chód STCW chun bulaíocht agus ciapadh a chosc agus chun freagairt dóibh, lena n-áirítear SASH, chun go nglacfaí iad ag

MSC 108. I ndáil leis sin, thug an Coiste dá aire an comhaontú le linn HTW 9 maidir leis na dréachtleasuithe thuasluaite a tharchur freisin chuig an dara cruinniú de chuid Mheitheal Chomhpháirteach Thrípháirteach ILO/IMO chun saincheisteanna maidir le maraithe agus gné an duine (JTWG) a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, lena mbreithniú agus chun comhairle a thabhairt ina leith do MSC 108, sula nglacfar iad ag an seisiún sin.

Ba é seasamh an Aontais tacú leis na dréachtleasuithe.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis na leasuithe sin toisc go n-áiritheofar leo ionad oibre sábháilte do na maraithe trí inniúlacht nua a chur san áireamh i Roinn A-VI/1 maidir le 'híoscheanglais éigeantacha maidir le heolas a chur ar shábháilteacht, bunoiliúint agus teagasc do gach maraí' chun 'Cur le bulaíocht agus ciapadh a chosc agus chun freagairt dóibh, lena n-áirítear ionsaí gnéasach agus ciapadh gnéasach'.

## 5. Reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh agus inniúlacht an Aontais Eorpaigh

### 5.1. Leasuithe ar airteagal V de Phrótacal I den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol);

Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí[1]. Ceanglaítear le hAirteagal 17 go ndéanfaidh na Ballstáit gach beart is iomchuí lena áirithiú go ndéanfaidh máistir loinge a bheidh ag seoladh laistigh dá réigiún cuardaigh agus tarrthála/dá limistéar eacnamaíoch eisiach nó dá choibhéis, an méid seo a leanas a thuairisciú láithreach don stáisiún cósta atá freagrach as an limistéar geografach sin: '... *(d) aon leo d'ábhair thruailliúcháin agus de choimeádáin nó de phacáistí a fheictear ag imeacht le sruth ar muir.*' Is é is cuspóir leis sin údaráis fhreagracha (Stáit chósta a bheidh buailte) a chur ar an eolas, ionas gur féidir bearta tráthúla a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá córas éigeantach (SafeSeaNet) i bhfeidhm cheana féin ar leibhéal an Aontais chun coimeádáin chaillte a thuairisciú. Tá an córas tuairiscithe teagmhas sin bunaithe ó bhí 2012 ann.

Ina theannta sin, le Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú ar thimpistí in earnáil an mhuiriompair[2], foráiltear go gcuirfidh na húdaráis fhreagracha agus/nó na páirtithe lena mbaineann comhlachtaí na mBallstát um imscrúdú ar thimpistí ar an eolas gan mhoill faoi tharlú na dtaismeach agus na dteagmhas uile a thagann faoi raon feidhme na Treorach. Áirítear leis sin caillteanas coimeádán ar muir.

Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar airteagal V de Phrótacal I den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol), is féidir tionchar cinntitheach a imirt ar na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 2002/59/CE agus faoi Threoir 2009/18/CE .

### 5.2. Leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol

Léirítear i dTreoir (AE) 2016/802 a bhaineann le laghdú ar an gcion sulfair i leachtbhreoslaí áirithe na[3] ceanglais a bhaineann le sulfar i mbreosla agus forálacha cur chun feidhme Iarscríbhinn VI athbhreithnithe a ghabhann le Marpol.

Ina theannta sin, le Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar[4] (Rialachán an Aontais maidir le MRV) bunaítear an creat dlíthiúil le haghaidh chóras an Aontais chun faireachán, tuairisciú

[1] IO L 208, 5.8.2002, lch. 10.
[2] IO L 131, 28.5.2009, lch. 114.
[3] IO L 132, 21.5.2016, lch. 58.
[4] IO L 123, 19.5.2015, lch. 55.

agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT (MRV). Is é is aidhm don Rialachán sonraí láidre infhíoraithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus táscairí éifeachtúlachta fuinnimh a sholáthar, lucht ceaptha beartas a chur ar an eolas agus glacadh teicneolaíochtaí agus iompraíochta atá fuinneamhéifeachtúil ar an margadh a spreagadh. Déantar é sin trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní margaidh amhail easpa faisnéise. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2015.

Leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/1119 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach (Dlí Aeráide Eorpach)[5] sprioc aeráide cheangailteach an Aontais um laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa—astaíochtaí i ndiaidh aistrithe a asbhaint—faoi 2030 i gcomparáid le 1990. Áirítear leis freisin aidhm na haeráidneodrachta faoi 2050 agus sprioc uaillmhianach maidir le glanastaíochtaí diúltacha i ndiaidh an ama sin.

Bunaithe ar thograí ón gCoimisiún maidir leis an bpacáiste *Oiriúnach do 55* maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú, ghlac reachtóirí an Aontais na gníomhartha dlí seo a leanas a dhírítear go sonrach ar astaíochtaí GCT ón earnáil loingseoireachta:

- athbhreithniú ar Threoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas[6] agus ar Chinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa[7] le Treoir leasaitheach (AE) 2023/959 [8] chun Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) a leathnú chuig earnáil an mhuiriompair a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024 (mar aon leis na leasuithe is gá ar Rialachán an Aontais maidir le MRV[9], chun rialacha faireacháin agus tuairiscithe a athbhreithniú, chomh maith trí athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe ábhartha freisin).
- Dírítear le Rialachán (AE) 2023/1805 ar bhreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid san earnáil mhuirí[10] (Rialachán Muirí FuelEU) agus sainordaítear leis glacadh na mbreoslaí sin ag longa a thagann isteach i gcalafoirt de chuid an Aontais iarratas a dhéanamh amhail ón 1 Eanáir 2025.

Le comhlíonadh na n-oibleagáidí nua a eascraíonn as leathnú Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) chuig iompar muirí agus Rialachán Muirí FuelEU, cuirfear leis an gcóras faireacháin, tuairiscithe agus fíoriúcháin arna bhunú le Rialachán an Aontais maidir le MRV.

Tá nasc láidir idir na gníomhartha sin de chuid an Aontais agus bearta IMO maidir le GCT amhail Córas Bailithe Sonraí IMO, an tInnéacs maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh na Long atá ann cheana (EEXI), agus an Táscaire um Dhéine Carbóin (CII) arb é is aidhm dóibh faisnéis a bhailiú agus a fhoilsiú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh theicniúil agus oibríochtúil long in aghaidh na loinge.

---

5 IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.
6 IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.
7 IO L 264, 9.10.2015, lch. 1.
8 IO L 130, 16.5.2023, lch. 134.
9 Rialachán (AE) 2023/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757 chun foráil a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí loingseoireachta muirí a áireamh i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais agus maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa breise agus astaíochtaí ó chineálacha breise long, IO L 130, 16.5.2023, lch. 105
10 IO L 234, 22.9.2023, lch. 48.

Aon bheart IMO maidir le hábhair GCT, lena dteastóidh faireachán, fíorú agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT ó loingseoireacht, d'fhéadfadh sé dul i gcion ar Rialachán an Aontais maidir le MRV chomh maith le Treoir an Aontais maidir le CTA agus Rialachán Muirí FuelEU.

Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol, is féidir tionchar cinntitheach a imirt ar na ceanglais is infheidhme faoi Threoir (AE) 2016/802, Rialachán (AE) 2015/757, Treoir 2003/87/CE, Cinneadh (AE) 2015/1814 agus Rialachán (AE) 2023/1805.

### 5.3. Leasuithe ar an gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta

Is é is aidhm do Threoir 2009/16/CE maidir le rialú calafoirt ag an Stát[11] a áirithiú go n-urramóidh longa rialacha an Aontais agus rialacha idirnáisiúnta maidir le sábháilteacht mhuirí agus maidir leis an gcomhshaol agus tá critéir chomhchoiteanna á mbunú léi maidir le cigireachtaí ar longa.

I ndiaidh togra ón gCoimisiún maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir, cuirfear an Coinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta ar an liosta Coinbhinsiún (airteagal 2 pointe 1) ar cheart d'oifigigh um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm é maidir le soithí faoi bhratach coigríche le linn a gcuid cigireachtaí (airteagal 13). De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais[12], baineann an riosca maidir le léiriú, ní hamháin leis na rialacha mar atá siad, ach lena bhforbairt intuartha amach anseo freisin.

Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar an gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta, is féidir tionchar cinntitheach a imirt ar na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 2009/16/CE.

### 5.4. Leasuithe ar chaibidlí II-1, II-2 agus V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (Solas), 1974

Le hAirteagal 6(2)(a)(i) de Threoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí[13], cuirtear Solas i bhfeidhm maidir le longa paisinéirí Aicme A, agus leagtar síos le hIarscríbhinn I, Caibidil II-2 Cosaint, Brath agus Múchadh Dóiteáin ceanglais éagsúla agus fhairsinge maidir le longa paisinéirí Aicme B, C agus D agus iad i mbun turais intíre.

Ina theannta sin, áirítear in Iarscríbhinn I Rialacháin II-1/A-1/5 (Roinn 1) agus II-1/A-1/3-4 (Roinn 2) ina luaitear go gcuirfear imeachtas tarraingthe éigeandála a bhaineann go sonrach le longa Aicme B ar fáil. Iomprófar imeachtas den sórt sin ar bord na loinge lena úsáid i gcásanna éigeandála agus beidh sé bunaithe ar shocruithe agus ar threalamh atá ar fáil ar bord na loinge cheana. Tagraíonn na rialacháin seo freisin do na 'Treoirlínte d'úinéirí/oibreoirí maidir le nósanna imeachta tarraingthe éigeandála a ullmhú' (MSC.1/Iml.1255).

Treoir 2002/59/CE, arna leasú, lena gceanglaítear ar na Ballstáit gach beart is iomchuí a dhéanamh lena áirithiú go ndéanfaidh máistir loinge a bheidh ag seoladh laistigh dá réigiún cuardaigh agus tarrthála/dá limistéar eacnamaíoch eisiach nó dá choibhéis, an méid seo a leanas a thuairisciú láithreach don stáisiún cósta atá freagrach as an limistéar geografach sin: '*... (d) aon leo d'ábhair thruailliúcháin agus de choimeádáin nó de phacáistí a fheictear ag imeacht le sruth ar muir.*' Is é is cuspóir leis sin údaráis fhreagracha (Stáit chósta a bheidh buailte) a chur ar an eolas, ionas gur féidir bearta tráthúla a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá córas éigeantach (SafeSeaNet) i bhfeidhm cheana féin ar leibhéal an Aontais chun coimeádáin chaillte a thuairisciú. Tá an córas tuairiscithe teagmhas sin bunaithe ó bhí 2012 ann.

---

[11] IO L 131, 28.5.2009, lch. 57.

[12] Tuairim 1/03 ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Feabhra 2006, Coinbhinsiún Lugano, pointe 126.

[13] IO L 163, 25.6.2009, lch. 1.

Ina theannta sin, le Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú ar thimpistí in earnáil an mhuiriompair, foráiltear go gcuirfidh na húdaráis fhreagracha agus/nó na páirtithe lena mbaineann comhlachtaí na mBallstát um imscrúdú ar thimpistí ar an eolas gan mhoill faoi tharlú na dtaismeach agus na dteagmhas uile a thagann faoi raon feidhme na Treorach. Áirítear leis sin caillteanas coimeádán ar muir.

Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar chaibidilí II-1, II-2 agus V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (Solas), 1974, is féidir tionchar cinntitheach a imirt ar na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 2009/45/CE, faoi Threoir 2002/59/CE agus faoi Threoir 2009/18/CE.

### 5.5. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF)

Airteagal 6(2)(a)(i) de Threoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí a bhíonn i mbun turais intíre, cuirtear Solas i bhfeidhm, arna leasú, maidir le longa paisinéirí Aicme A. Ós rud é gur Cód éigeantach é Cód IGF faoi Solas, tá sé infheidhme freisin maidir le longa paisinéirí faoin Treoir seo.

Ina theannta sin, áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/45/CE dhá rialachán a bhaineann le longa a úsáideann breoslaí íseal-splancphointe:

- Rialachán II-1/G/1: is infheidhme maidir le longa Aicme B, C agus D [agus longa Aicme B atá ann cheana] - 'Longa, gan beann ar an dáta tógála, a aistríonn go breosla gásach nó leachtach a úsáid nó a gheallann breosla a úsáid a bhfuil splancphointe níos ísle aige ná mar a cheadaítear seachas sin faoi Rialachán II-2/A/10, fomhír.1.1, comhlíonfaidh siad ceanglais Chód IGF, mar a shainmhínítear in Solas II-1/2.28.'; agus
- Rialachán II-1/G/57: Ceanglais maidir le longa a úsáideann breoslaí íseal-splancphointe - 'comhlíonfaidh longa a úsáideann breosla gásach nó leachtach a bhfuil splancphointe níos ísle acu ná mar a cheadaítear seachas sin faoi Rialachán II-2/4.2.1.1 ceanglais Chód IGF, mar a shainmhínítear in Solas II-1/2.28.

Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF), is féidir tionchar cinntitheach a imirt ar chur i bhfeidhm Threoir 2009/45/CE.

### 5.6. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola 2011 (2011 Cód ESP)

Le Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 maidir le ceanglais cabhlach dúbailte nó ceanglais deartha choibhéiseacha a chéimniú isteach ar mhodh luathaithe do thancaeir ola aonchabhlach[14], tá sé sainordaitheach Scéim um Bailmheasúnú (CAS) IMO a chur i bhfeidhm maidir le tancaeir ola aonchabhlach atá os cionn 15 bliana d'aois. Le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola (ESP), sonraítear conas an measúnú níos dlúithe sin a dhéanamh. Ós rud é go mbaineann CAS úsáid as ESP chun a aidhm a bhaint amach, trí Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 beidh feidhm go huathoibríoch ag aon athrú ar iniúchtaí ESP, ar nós na leasuithe atá ann faoi láthair chun suirbhéanna a dhíriú ar limistéir a bhfuil amhras fúthu maidir le toisí tiúis a ghlacadh i dtancaeir ola cabhlach dúbailte mar chuid den chéad suirbhé athnuachana.

[14] IO L 172, 30.6.2012, lch. 3.

Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar le linn Suirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (2011, Cód ESP), is féidir tionchar cinntitheach a imirt ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 530/2012.

### 5.7. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (LSA)

Le Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí[15], áirithítear saorghluaiseacht trealaimh den sórt sin laistigh den Aontas trí chur i bhfeidhm aonfhoirmeach na n-ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha a bhaineann le trealamh muirí atá le cur ar bord longa an Aontais. I ndáil leis sin, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1667 lena n-áirítear fearais tarrthála agus seaicéid tarrthála, i gcás ina ndéantar tagairtí do Chód LSA agus do réiteach MSC.81(70).

Ina theannta sin, le hAirteagal 6(2)(a)(i) de Threoir 2009/45/CE maidir le longa paisinéirí a bhíonn i mbun turais intíre, cuirtear Solas i bhfeidhm maidir le longa paisinéirí Aicme A. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an Treoir chéanna, tá sé d'oibleagáid ar longa Aicme B, Aicme C agus Aicme D cloí le príomhfhorálacha Chód LSA agus Chaibidil III Solas.

Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (LSA), is féidir tionchar cinntitheach a imirt ar chur i bhfeidhm Threoir 2014/90/AE agus Threoir 2009/45/CE.

### 5.8. Leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Chórais le haghaidh Sábháilteacht ó Dhóiteáin (Cód FSS)

Le hAirteagal 6(2)(a)(i) de Threoir 2009/45/CE, cuirtear Solas i bhfeidhm, arna leasú, lena n-áirítear an Cód Idirnáisiúnta um Chórais le haghaidh Sábháilteacht ó Dhóiteáin (Cód FSS), maidir le longa paisinéirí Aicme A, agus leagtar síos le hIarscríbhinn I, Caibidil II-2 Cosaint, Brath agus Múchadh Dóiteáin ceanglais éagsúla agus fhairsinge maidir le longa paisinéirí Aicme B, C agus D agus iad i mbun turais intíre.

Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Chórais le haghaidh Sábháilteacht ó Dhóiteáin (Cód FSS), is féidir tionchar cinntitheach a imirt ar chur i bhfeidhm Threoir 2009/45/CE.

### 5.9. Leasuithe ar an gCód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (STCW)

Le Treoir (AE) 2022/993, déantar Coinbhinsiún STCW a ionchorprú i ndlí an Aontais. Rialaítear ceanglais oiliúna agus deimhniúcháin maraithe i ndlí an Aontais i dTreoir (AE) 2022/993. Le hAirteagal 3 den Treoir, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh lena áirithiú go bhfaighidh maraithe a fhónann ar longa oiliúint lena gcumhdaítear, ar a laghad, ceanglais Choinbhinsiún STCW, mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, forálacha infheidhme Chód STCW (Airteagal 1(21) den Treoir).

Dá bhrí sin, leis na leasuithe ar an gCód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (STCW), is féidir tionchar cinntitheach a imirt ar chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2022/993.

### 5.10. Inniúlacht an Aontais Eorpaigh

Baineann ábhar an ghnímh atá beartaithe le réimse a bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas ina leith de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE ós rud é gur dócha

[15] IO L 257, 28.8.2014, lch. 146.

go ndéanfaidh na gníomhartha atá beartaithe 'difear do chomhrialacha nó go n-athróidh siad a raon feidhme'.

## 6. BUNÚS DLÍ

### 6.1. Bunús dlí nós imeachta

*6.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') déantar foráil maidir le cinntí lena suitear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, i gcás ina n-iarrfar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú.[16]

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu sin, freisin, ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh.*'[17]

*6.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí iad an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí agus an Coiste Muir-Shábháilteachta a cuireadh ar bun le comhaontú, an Coinbhinsiún um an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo iad na gníomhartha a iarrtar ar an dá choiste IMO sin a ghlacadh. D'fhéadfadh na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar a bhfuil sa reachtaíocht seo a leanas de chuid an Aontais Eorpaigh agus go sonrach:

– Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí. Is amhlaidh sin mar go gceanglaítear leis go ndéanfaidh na Ballstáit gach beart is iomchuí lena áirithiú go ndéanfaidh máistir loinge a bheidh ag seoladh laistigh dá réigiún cuardaigh agus tarrthála/dá limistéar eacnamaíoch eisiach nó dá choibhéis, an méid seo a leanas a thuairisciú láithreach don stáisiún cósta atá freagrach as an limistéar geografach sin: *'... (d) aon leo d'ábhair thruailliúcháin agus de choimeádáin nó de phacáistí a fheictear ag imeacht le sruth ar muir.'* Is é is cuspóir leis sin údaráis fhreagracha (Stáit chósta a bheidh buailte) a chur ar an eolas, ionas gur féidir bearta tráthúla a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá córas éigeantach (SafeSeaNet) i bhfeidhm cheana féin ar leibhéal an Aontais chun coimeádáin chaillte a thuairisciú.
– Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an mhuiriompair. Is amhlaidh sin mar go bhforáiltear leis go gcuirfidh na húdaráis fhreagracha agus/nó na páirtithe lena mbaineann comhlachtaí na mBallstát um imscrúdú ar thimpistí muirí ar an eolas gan mhoill faoi tharlú na dtaismeach agus na dteagmhas uile a thagann faoi raon feidhme na Treorach. Áirítear leis sin caillteanas coimeádán ar muir.

[16] Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.
[17] Cás C-399/12 An Ghearmáin v an Chomhairle (OIV), ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61-64.

– Treoir (AE) 2016/802 a bhaineann le laghdú ar an gcion sulfair atá i mbreoslaí leachtacha áirithe. Is amhlaidh sin mar go léirítear léi na ceanglais a bhaineann le sulfar i mbreosla agus forálacha cur chun feidhme Iarscríbhinn VI athbhreithnithe a ghabhann le Marpol.

– Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar. Is amhlaidh sin mar go mbunaítear leis an creat dlíthiúil le haghaidh chóras AE chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT (MRV). Le comhlíonadh na n-oibleagáidí nua a eascraíonn as leathnú CTA AE chuig iompar muirí agus Rialachán Muirí FuelEU, cuirfear leis an gcóras faireacháin, tuairiscithe agus fíoriúcháin arna bhunú le Rialachán an Aontais maidir le MRV.

– Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, arna leasú le Treoir (AE) 2023/959, lenar leathnaíodh CTA AE chuig earnáil an mhuiriompair. Is amhlaidh sin toisc go bhfuil nasc láidir le bearta IMO maidir le GCT amhail Córas Bailithe Sonraí IMO, an tInnéacs maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh na Long atá ann cheana (EEXI), agus an Táscaire um Dhéine Carbóin (CII) arb é is aidhm dóibh faisnéis a bhailiú agus a fhoilsiú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh theicniúil agus oibríochtúil long in aghaidh na loinge.

– Rialachán (AE) 2023/1805 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar. Is amhlaidh sin toisc go bhfuil nasc láidir le bearta IMO maidir le GCT amhail Córas Bailithe Sonraí IMO, an tInnéacs maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh na Long atá ann cheana (EEXI), agus an Táscaire um Dhéine Carbóin (CII) arb é is aidhm dóibh faisnéis a bhailiú agus a fhoilsiú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh theicniúil agus oibríochtúil long in aghaidh na loinge.

– Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt. Is amhlaidh sin mar, i ndiaidh togra ón gCoimisiún, go gcuirfear an Coinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta ar an liosta Coinbhinsiún (airteagal 2 pointe 1) ar cheart d'oifigigh um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm é maidir le soithí faoi bhratach coigríche le linn a gcuid cigireachtaí (airteagal 13). De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, baineann an riosca maidir le léiriú, ní hamháin leis na rialacha mar atá siad, ach lena bhforbairt intuartha amach anseo freisin.

– Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí. Is amhlaidh sin toisc go gcuirtear Solas, chomh maith le Cód FSS, i bhfeidhm le hAirteagal 6(2)(a)(i) maidir le longa paisinéirí Aicme A, agus leagtar síos le hIarscríbhinn I, Caibidil II-2 Cosaint, Brath agus Múchadh Dóiteáin ceanglais éagsúla agus fhairsinge maidir le longa paisinéirí Aicme B, C agus D agus iad i mbun turais intíre. Chomh maith leis sin, ós rud é gur Cód éigeantach é Cód IGF faoi Solas, tá sé infheidhme freisin maidir le longa paisinéirí faoin Treoir seo. Tá sé d'oibleagáid ar longa Aicme B, Aicme C agus Aicme D cloí freisin le príomhfhorálacha Chód LSA agus Chaibidil III Solas.

– Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 maidir le ceanglais cabhlach dúbailte nó ceanglais deartha choibhéiseacha a chéimniú isteach ar mhodh luathaithe do thancaeir ola aonchabhlach. Is amhlaidh atá toisc go leagtar síos leis go bhfuil cur i bhfeidhm Scéim um Bailmheasúnú (CAS) IMO sainordaitheach i dtaca le tancaeir ola aonchabhlach os cionn 15 bliana d'aois. Le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar

mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola (ESP), sonraítear conas an measúnú níos dlúithe sin a dhéanamh. Ós rud é go mbaineann CAS úsáid as ESP chun a aidhm a bhaint amach, trí Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 beidh feidhm go huathoibríoch ag aon athrú ar iniúchtaí ESP, ar nós na leasuithe atá ann faoi láthair chun suirbhéanna a dhíriú ar limistéir a bhfuil amhras fúthu maidir le toisí tiúis a ghlacadh i dtancaeir ola cabhlach dúbailte mar chuid den chéad suirbhé athnuachana.

– Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí. Is amhlaidh sin ó tharla go bhfuil seaicéid tarrthála agus fearais tarrthála chomh maith le Rún MSC.81(70) ina gcuid den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1667 ón gCoimisiún.

– Treoir (AE) 2022/993 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe. Is amhlaidh sin mar go n-ionchorpraítear leis Coinbhinsiún STCW i ndlí an Aontais, chomh maith le Cód STCW.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

### 6.2. Bunús substaintiúil dlí

*6.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús substaintiúil dlí do chinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*6.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an muiriompar a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 6.3. Conclúid

Is é Airteagal 100(2) CFAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2024/0040 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 81ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí agus an 108ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol), ar an gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta, ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (Solas), ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht do Longa a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF), ar an gCód Idirnáisiúnta um Chlár Feabhsaithe na nIniúchtaí le linn Suirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (Cód ESP 2011), ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (LSA), ar an gCód Idirnáisiúnta le haghaidh Chórais Sábháilteachta ó Dhóiteáin (Cód FSS) agus ar an gCód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (Cód STC).**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ('IMO') i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

(2) Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é IMO a bhfuil freagracht uirthi maidir le sábháilteacht agus slándáil loingis agus maidir le truailliú muirí agus truailliú atmaisféarach ó longa a chosc. Tá gach Ballstát den Aontas ina chomhalta de IMO. Níl an tAontas ina chomhalta de IMO.

(3) De bhun Airteagal 38 (a) den Choinbhinsiún um IMO, déanann an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí na feidhmeanna sin a thugtar do IMO nó a d'fhéadfaí a thabhairt do IMO le coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le truailliú muirí ó longa a chosc agus a rialú, nó faoi na coinbhinsiúin sin, go háirithe i dtaca le glacadh agus leasú rialachán nó forálacha eile.

(4) De bhun Airteagal 28(b) den Choinbhinsiún um IMO, cuireann an Coiste Muir-Shábháilteachta sásra ar fáil chun cibé dualgais a shanntar dó i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún sin, nó a shanntar dó le Comhthionól IMO nó le Comhairle IMO a chur i gcrích, nó aon dualgas laistigh de raon feidhme an Airteagail sin a d'fhéadfaí a shannadh don Choiste Muir-Shábháilteachta faoi aon ionstraim idirnáisiúnta eile agus a bhféadfadh IMO glacadh leis.

(5) Tá Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí IMO, ina 81ú seisiún ón 18 Márta go dtí an 22 Márta 2024, le leasuithe a ghlacadh ar airteagal V de Phrótacal I den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol), Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol maidir le breoslaí íseal-splancphointe agus saincheisteanna eile

a bhaineann le hola bhreosla, maidir le hinrochtaineacht na sonraí i mBunachar Sonraí IMO um Ídiú Breosla Long (IMO DCS), agus maidir le cuimsiú na sonraí maidir le hobair iompair agus leibhéal feabhsaithe gráinneachta in DCS IMO, agus maidir leis an gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta.

(6) Tá Coiste Muir-Shábháilteachta IMO, ina 108ú seisiún ón 15 Bealtaine go dtí an 24 Bealtaine 2024, le leasuithe a ghlacadh ar chaibidlí II-1, II-2 agus V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (Solas), 1974, an Cód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht do Longa a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF), an Cód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí le linn Suirbhéanna ar Bhulc -iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (2011 Cód ESP), an Cód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (LSA), an Cód Idirnáisiúnta um Chórais Sábháilteachta ó Dhóiteáin (Cód FSS); agus cuid A-VI/1 den Chód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (STCW).

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú le linn an 81ú seisiún de Coiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí, ós rud é gur féidir, leis na gníomhartha atá beartaithe, tionchar cinntitheach a imirt ar a bhfuil i ndlí an Aontais, mar atá Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí[1], Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair[2], Treoir (AE) 2016/802 a bhaineann le laghdú ar an gcion sulfair i mbreoslaí leachtacha áirithe[3], Rialachán (AE) 2015/757 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar[4], Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas[5], Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta do chóras trádála astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a bhunú agus a fheidhmiú[6], Rialachán (AE) 2023/1805 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar[7], agus Treoir 2009/16/CE maidir le rialú Stáit ar chalafoirt[8].

(8) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar airteagal V de Phrótacal I den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol) toisc go bhfuil sé tábhachtach go mbunófaí córas tuairiscithe aonair amháin maidir le caillteanas coimeádán, chun ceanglais maidir le cur isteach dúblach a sheachaint agus mearbhall a sheachaint, lena n-áirítear an baol nach ndéanfar coimeádáin a chailltear ar muir a thuairisciú.

(9) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol maidir le breoslaí íseal-splancphointe agus saincheisteanna eile a bhaineann le hola bhreosla, toisc go réiteofar leo an ceanglas maidir le tástáil a réiteach agus lena n-áirítear faisnéis splancphointe maidir leis an Nóta Seachadta Buncair (BDN) maidir le breoslaí íseal-splancphointe, rud a bhí ar neamhréir leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar chaibidil II-2 Solas a glacadh ag MSC 106. Ba cheart don Aontas tacú freisin leis na leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le Marpol

1 IO L 208, 5.8.2002, lch. 10.
2 IO L 131, 28.5.2009, lch. 114.
3 IO L 132, 21.5.2016, lch. 58.
4 IO L 123, 19.5.2015, lch. 55.
5 IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.
6 IO L 264, 9.10.2015, lch. 1.
7 IO L 234, 22.9.2023, lch. 48.
8 IO L 131, 28.5.2009, lch. 57.

maidir le hinrochtaineacht na sonraí i mBunachar Sonraí IMO um Ídiú Breosla Long (DCS IMO), agus maidir le cuimsiú na sonraí maidir le hobair iompair agus leibhéal feabhsaithe gráinneachta in DCS IMO toisc go mbaintear an úsáid is fearr leo as DCS chun tairbhe cheapadh beartais dícharbónaithe an loingis agus go bhfuil siad ina gcomhréiteach i measc rochtain níos leithne ar shonraí DCS IMO agus rialú na sonraí sin ag Rúnaíocht IMO. Ar lámh amháin, tugtar rochtain do chomhairleachtaí anailíseacha agus d'eintitis taighde ar shonraí DCS atá faoi réir cead ó Rúnaíocht IMO agus ar an lámh eile, soláthraítear an deis d'aon chuideachta leo sonraí DCS a gcuid long a nochtadh don phobal i gcoitinne ar bhonn deonach.

(10) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar an gCoinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta toisc go méadófar leo úsáid an digitithe maidir le leabhair taifid leictreonacha a choimeád faoin gCoinbhinsiún.

(11) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú le linn an 108ú seisiún de Choiste Muir-Shábháilteachta IMO, ós rud é gur féidir, leis na gníomhartha atá beartaithe, tionchar cinntitheach a imirt ar ábhair dhlí an Aontais, mar atá Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta do longa paisinéirí[9], Treoir 2002/59/CE lena mbunaítear córas Comhphobail faireacháin agus faisnéise um thrácht soithí[10], Treoir 2009/18/CE lena mbunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear imscrúdú ar thionóiscí in earnáil an mhuiriompair[11], Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 maidir le ceanglais cabhlach dúbailte nó ceanglais deartha choibhéiseacha a chéimniú isteach ar mhodh luathaithe do thancaeir ola aonchabhlach[12], Treoir 2014/90/AE maidir le trealamh muirí[13] agus Treoir (AE) 2022/993 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaitheoirí[14].

(12) Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar chaibidlí II-1, II-2 agus V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (Solas), 1974, toisc go méadófar go mór leo an tsábháilteacht lena n-áiritheofar go mbeidh trealamh oiriúnach ar gach long nua seachas tancaeir, lena n-áirítear longa paisinéirí, de 20,000 olltonnáiste agus os a chionn lena dtarraingt i gcás éigeandála, chomh maith le feabhas a chur go ginearálta ar chaighdeáin sábháilteachta ó dhóiteáin longa paisinéirí, lena n-áirítear longa paisinéirí róró, agus ar shábháilteacht úsáid breosla ola i longa paisinéirí. Simpleofar leo freisin próiseáil na dtuarascálacha maidir le caillteanas coimeádán chun oibleagáidí rialála a chomhlíonadh, foráil a dhéanamh maidir le ceanglas tuairiscithe ón mBratstát chuig IMO, sábháilteacht loingseoireachta a mhéadú agus truailliú a chosc.

(13) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF) toisc go gcuirfear feabhas leo ar shábháilteacht long, lena n-áirítear longa paisinéirí, ag úsáid gás nádúrtha mar bhreosla.

(14) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar le linn Suirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (Cód ESP 2011) toisc go modhnófar leo na Nósanna Imeachta

---

[9] IO L 163, 25.6.2009, lch. 1.
[10] IO L 208, 5.8.2002, lch. 10.
[11] IO L 131, 28.5.2009, lch. 114.
[12] IO L 172, 30.6.2012, lch. 3.
[13] IO L 257, 28.8.2014, lch. 146.
[14] IO L 169, 27.6.2022, lch. 45.

maidir le formheas agus deimhniú gnólachta atá ag gabháil do thomhas tiúis struchtúr cabhlach sna iarscríbhinní a ghabhann le leasuithe 2019 ar Chód ESP 2011, ag tagairt don Riarachán seachas tagairt a dhéanamh d'eagraíocht atá aitheanta ag an Riarachán. Cuideoidh sé sin leis an nós imeachta a shoiléiriú.

(15) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (LSA) toisc go gcuirtear sábháilteacht mhuirí chun cinn leo trí athbhreithniú a dhéanamh ar luas íslithe na n-árthaí marthanais agus na mbád tarrthála do longa paisinéirí, trí fheidhmíocht oiriúnach san uisce seaicéad tarrthála a áirithiú ar mhaithe le sábháilteacht maraithe agus trí chaighdeáin sábháilteachta na gcóras aonair eireabaill agus crúca aonair a mhéadú le crúcaí scaoilte ualaithe trí na díolúintí dá bhforáiltear i mír 4.4.7.6.17 a bhaint.

(16) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar an gCód Idirnáisiúnta um Chórais le haghaidh Sábháilteacht ó Dhóiteáin (Cód FSS) toisc go mbeidh tairbhí suntasacha ag baint leo do shábháilteacht anama ar muir trí fheabhas a chur ar shábháilteacht ó dhóiteán ar longa paisinéirí, agus go háirithe longa paisinéirí róró.

(17) Ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe ar roinn A-VI/1 den Chód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (STCW) toisc go n-áiritheofar leo ionad oibre sábháilte do na maraithe trí inniúlacht nua a chur san áireamh i Roinn A-VI/1 maidir le 'híoscheanglais éigeantacha maidir le heolas a chur ar shábháilteacht, bunoiliúint agus teagasc do gach maraí' chun 'Cur le bulaíocht agus ciapadh a chosc agus chun freagairt dóibh, lena n-áirítear ionsaí gnéasach agus ciapadh gnéasach'.

(18) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de IMO, agus ag an gCoimisiún, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 81ú seisiún de Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ('IMO') a chomhaontú go nglacfar leasuithe ar an méid seo a leanas:

(a) airteagal V de Phrótacal I den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (Marpol), mar a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad IMO MEPC 81/3/1,

(b) Iarscríbhinn VI de Marpol maidir le breoslaí íseal-splancphointe agus saincheisteanna eile a bhaineann le hola bhreosla, maidir le hinrochtaineacht na sonraí i mBunachar Sonraí IMO um Ídiú Breosla Long (DCS IMO), agus maidir le cuimsiú na sonraí maidir le hobair iompair agus leibhéal feabhsaithe gráinneachta in DCS IMO, mar a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad IMO MEPC 81/3/2, agus

(c) an Coinbhinsiún um Bainistiú Uisce Ballasta mar a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad IMO MEPC 81/3.

*Airteagal 2*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 108ú seisiún de Choiste Muir-Sábháilteachta IMO a chomhaontú go nglacfar leasuithe ar an méid seo a leanas:

(a) caibidlí II-1, II-2 agus V den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir (Solas), 1974, mar a leagtar amach in iarscríbhinní 1 agus 2 a ghabhann le doiciméad IMO MSC 108/3,

(b) an Cód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí Íseal-splancphointe eile (Cód IGF), mar a leagtar amach in iarscríbhinn 3 a ghabhann le doiciméad MSC 108/3 de chuid IMO,

(c) an Cód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, 2011 (2011, Cód ESP), mar a leagtar amach in iarscríbhinn 5 a ghabhann le doiciméad MSC 108/3 de chuid IMO,

(d) an Cód Idirnáisiúnta um Fhearas Tarrthála (LSA), mar a leagtar amach in iarscríbhinn 6 a ghabhann le doiciméad MSC 108/3 de chuid IMO,

(e) an Cód Idirnáisiúnta um Chórais le haghaidh Sábháilteacht ó Dhóiteáin (Cód FSS) mar a leagtar amach in iarscríbhinn 7 a ghabhann le doiciméad MSC 108/3 de chuid IMO; agus

(f) cuid A-VI/1 den Chód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire (STCW) mar a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad MSC 108/3/2 de chuid IMO.

*Airteagal 3*

1. An Coimisiún agus Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad den Choiste IMO um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

2. An Coimisiún agus Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de Choiste Muir-Shábháilteachta IMO, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 2 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*